Dubh Rois do ba ríoghdha a mhais

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 55]

1 Dubh Rois do ba ríoghdha a [mhais]
gur [thorraidh] tonn bháis tré [bhais]
[aithnidh] dhamh go bhfearthair] [frais]
ar leabhthaidh [Dubh] Rois [an Rois].

2 Dubh Rois do ba rogha Róis
togha nóis ar ghuis a ghléis
[guaire nacharbh fhéile] i n-áis
buaile [fáis] Éire dá éis.

3 Ba tréan é an bile [báis]
[is é] ba ghile [ná an] ghéis
mo mhac léighinn lán do ghaois
baois mo ghrádh d'Éirinn dá éis.

4 [Níorbh] fhada oidhche gan fhior
[mé] aige go labhradh lon
an tan ba thinne a taobh gheal
fa singe an fear ná caol con.

5 [Níor chaith] biadh ó [Conghail] Chais
is [cliath ná comhla] ré lis
[ar each níor aomh] bile Rois
is file [i] gcois ma-raon ris.

6 [Don ár] [anmhain] [níor mhiadh] lais
[do ba fear é nacharbh fhois]
níor fhill ar uamhain [gaidh] ghlais
[traigh ar] ais [don] ruanaidh Rois.

7 Tigdis trí datha don fhior
re hucht an catha do chur
[mar do ghabhadh] fearg an bhfear
[do ba] geal [ba] dearg ba dubh.

8 Inghean fhionn ag reabhradh ris
dá [mheadhradh] ó chionn go cois
[bean] ag reic íorna a cúil chais
le súil ghlais meic ríoghna Rois.

9 Do theagmaois d'ól meadha mhais
[do] mhuin [capall] 's ní dar gcois
[soir] [go] [sochraoibh] Sléibhe Mis
[re chéile] is [tuir] ro-chaoin Rois.

10 Ionmhuin leam [é an] coiléan con
[do ba mear é níor ba] mhugh
fear do chealg an uile bhean
ba geal dearg mo dhuine dubh.

11 Tonn Chliodhna dá chaoineadh [’s gaoth]
ní hiongna dá chaoineadh cách
ní [sguch] tré [dhailghe Í Dhuach]
sruth luath ná aibhne ná áth.

12 Mac Dubháin mheic Chealltchair chaoimh
[fear nar] sheacain [uráin] áigh
níor fhosd [séad] gur [thaoth] re tuinn
is buing cead laoch i n-a láimh.

13 Fuil Meidhbhe agus Ultach ann
soillse chumhdaigh ós a chionn
frasa d’fhuil na Laighneach lonn
do [mhuidh san] donn fhailgheach fhionn.

14 Macaomh tairptheach trágha Rois
airgtheach gach tána nar thais
[ris] nachar ghabhadh [i] ngreis
mar ba geis aghadh tar ais.

15 [Mac mheic] Chealltchair [Chliodhna] Cais
iomdha do leabthaibh [a] lis
[ma] aonar [ar] [cath] [do] cheis
rath leis [gér] bhaoghal [gur] bhris.

16 Ua Cealltchair Chliodhna a Cluain Rois
[Re] bearnain] biodhbhadh [nar fhois]
[níor thearc] bean ghlonnmhar gan gheis
ag feis re [fear] rann-ghlan Rois.

17 Ua Meic Chon is Mhaicniadh mhóir
do badh ain-ciall dul na dháil
a dheallramh tar cách do chuaidh
fáth fá bhfuair meadhradh ó mhnáibh.

18 Ua Luighdheach na ngeal-lámh nglan
suirgheach mo leannán mar Lugh
rian is eangnamh [ins] an fhior
grian ós fhiodh an dealbh-ghlan dubh.

19 Inghean Dáire do dhréim ris
gur bhean léim Máighe do Mhis
torrchadh ban Gabhra dá ghreis

ba geis don lon chalma chlis.

20 [Dál] as [mhó] sgíos a ghruadh nglan
dar las gríos ar snuadh na subh
grása [a Rí] don [ghille] gheal
[’gá] mbí ar neamh an dile dubh.

21 Do ba cléireach do ba [ceard]
do ba tréin-fhear ar brugh mbarc
do ba bile [fa bhorg] bhorb
nochar mhire [tolg] re tracht.

22 Fíor gur charas an [ngaoth nglan]
fa hamhas [fa] laoch mar Lugh
fa file saor gach re seal
an fear caomh mo dhile [Dubh].

23 Marthain dá [eineach] nar mhion
ní deireadh dom ghlór ón ghul
grása [a Rí] don ghille gheal
fear as bhinne do bhí i mbrugh.

24 I Ros Ailithre níor an
[nochar chairighthe don] chor
an [ceart] do chéid-lean níor [chear]
[mo shearc] an fear déid-gheal Dubh.

25 Ba maith a eineach mór mion
is deireadh lem glór ghá ghol
fleasg seang a Teamhair na dtreabh
is leasg leam deaghail re Dubh. DUBH ROIS.